Dáileadh
GINEARÁL
A/RÚN/53/144
8 Márta 1999

An Comhthionól Ginearálta

Dearbhú um Chearta agus Freagrachtaí Daoine Aonair, Grúpaí agus Orgán den tSochaí chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha atá aitheanta go huilíoch, a Chur ar aghaidh agus a Chosaint.

Rún an Tionól Ginearálta 53/144

Tá an Tionól Ginearálta,

Ag athdhearbhú tábhachta chuspóirí agus bhuntreora Cairte na Náisiún Aontaithe a urramú chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha gach uile dhuine i ngach tír an domhan a chur ar aghaidh agus a chosaint,

Ag cur san áireamh rún an Choimisiúin um Chearta an Duine 1998/7 an 3 Aibreán 1998, féach *Official Records of the Economic and Social Council, 1998, Supplement No. 3* (E/1998/23), chap. II, sect. A. inar cheadaigh an Choimisiún téacs an dréachta a dhearbhaigh ceart agus freagracht daoine aonair, grupaí agus orgán den tsochaí chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha atá aitheanta go huilíoch, a chur ar aghaidh agus a chosaint.

Ag cur san áireamh chomh maith rún na Comhairle Eacnamaíche agus Sóisialta 1998/33 an 30 Iúil 1998, inar mhol an Chomhairle don Tionól Ginearálta glacadh leis an dréacht dearbhaithe,

Ós fios dúinn tábhacht ghlactha an dréachta dearbhaithe i gcomhthéacs comóradh caoga bliain den Dearbhú UileChoiteann Cearta an Duine, Rún 217 A (III).

1. *Glacann* an Tionól leis an Dearbhú um Chearta agus Fhreagrachtaí Daoine Aonair, Grúpaí agus Orgán den tSochaí chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha atá aitheanta go huilíoch, a Chur ar aghaidh agus a Chosaint, atá i gceangal leis an rún seo;

2. *Iarann* an Tionól ar Rialtais, ghníomhaireachtaí agus eagraíochtaí laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe agus eagraíochtaí idir-rialtasacha agus neamhrialtasacha chun a n-iarrachtaí a threisiú chun an Dearbhú a scaipeadh agus urraim agus tuiscint uilíoch de a chur ar aghaidh, agus iarann ar an an Ard-Rúnaí téacs an Dearbhú a chur sa chéad eagrán eile de *Human Rights: A complication of International Instruments.*

85ú cruinniú iomlánach
9 Nollaig 1998

IARSCRÍBHINN
Dearbhú ar Chearta agus Freagrachtaí Daoine Aonair, Grúpaí agus Orgán den tSochaí chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha atá aitheanta go huilíoch, a Chur ar aghaidh agus a Chosaint.

Tá an Tionól Ginearálta,

Ag athdhearbhú tábhachta chuspóirí agus bhuntreora Cairte na Náisiún Aontaithe a urramú chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha do gach uile dhuine i ngach tír den domhan a chur ar aghaidh agus a chosaint,

Ag athdhearbhú freisin tábhacht Dearbhaithe Uile-Choiteann Cearta an Duine agus na Cúnant Idirnáisiúnta ar Rún Cearta an Duine A (XXI), iarsc. mar eilimintí bhunúsacha d'iarrachtaí idirnáisiúnta chun urraim uilechoiteann do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha a chur ar aghaidh agus a urramú agus tábhacht ionstraimí eile do chearta an duine a ghlactar leo laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe, chomh maith leis na gcinn ar leibhéal réigiúnach,

Á chur i bhfios go gcomhlíonfaidh comhaltaí den phobal idirnáisiúnta, i gcomhpháirt agus ar leithligh, a n-oibleagáid sollúnta chun urraim do chearta an duine agus saoirsí bunúsacha do gach uile dhuine, a chur ar aghaidh agus a spreagadh, gan idirdhealú d'aon tsaghas, lena n-áirítear idirdhealuithe bunaithe ar chine, dath, gnéas, teanga, creideamh, tuairim pholaitíochta nó tuairim eile, bunadh náisiúnta nó sóisialach, maoin, breith nó céimíocht eile, agus ag athdhearbhú tábhachta ar leith ar chomhoibriú idirnáisiúnta a bhaint amach chun an oibleagáid seo a chomhlíonadh de réir na Cairte,

Ag aithint an ról tábhachtach a bhaineann le comhoibriú idirnáisiúnta, agus obair luachmhar daoine aonair, grúpaí agus comhlachais chun cabhrú le deireadh a chur go héifeachtach le sáruithe cearta an duine agus saoirsí bunúsacha an phobail agus daoine aonair go léir, lena n-áirítear i ndáil le hollsáruithe, sáruithe neamhnáireacha nó sáruithe córasacha ar nós na gcinn a tharla de thoradh apartheid, gach cineál idirdhealú ciníoch, coilíneachas, ceannas nó forghabháil eachtrannach, ionsaí nó bagairt do cheannasacht náisiúnta, aontacht náisiúnta nó sláine críche agus ó bhaint an diúltú d'admháil cearta féinchinnidh an phobail agus cearta gach pobal lán-cheannasacht a chleachtadh thar a rachmas agus a acmhainní nádúrtha,

Ag aithint an chaidreamh idir síocháin agus slándáil idirnáisiúnta agus cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a theachtadh, agus ós fios dóibh nach saorfaidh éagmais síochána agus slándála idirnáisiúnta neamhchomhlíonadh.

Ag athdhearbhú go bhfuil cearta an duine agus saoirsí bunúsacha go léir uilíoch, doroinnte, idirspleách agus idirghaolmhar agus gur cheart iad a chur ar aghaidh agus a chur i gníomh ar shlí chóir agus chothromasach, gan dochar do chur i gníomh gach ceann de na cearta agus saoirsí sin,

Á chur i bhfios gur ar an Stát atá an phríomhfhreagracht agus dualgas chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur ar aghaidh agus a chosaint,

Ag aithint an chearta agus na freagrachta daoine aonair, grupaí agus eagraíochtaí chun urraim do agus eolas ar chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur ar aghaidh agus a chothú ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta,

Ag dearbhú:

Airteagal 1

Go bhfuil ag gach uile dhuine, an ceart, ina n-aonar agus i gcomhlachas le daoine eile, a chur ar aghaidh agus ndícheall a dhéanamh chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint agus a réadú ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Airteagal 2

1. Go bhfuil ag gach Stát príomhfhreagracht agus dualgas chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha go léir a chosaint, a chur ar aghaidh agus a fheidhmiú, *inter alia*, trí ghlacadh cibé céimeanna is gá chun gach coinníoll is gá a chruthú sna réimsí sóisialta, eacnamaíochta, polaitiúil agus i réimsí eile, chomh maith leis na ráthaíochtaí dlí chun a áirithiú go bhfuil gach uile dhuine faoin a dlínse, ina n-aonar agus i gcomhlachas le daoine eile, ábalta na cearta agus saoirsí sin go léir a theachtadh.

2. Go glacfaidh gach Stát le cibé céimeanna reachtaíochta, riaracháin agus céimeanna eile is gá chun a áirithiú go bhfuil na cearta agus saoirsí dá dtagraítear sa Dearbhú seo ráthaithe go héifeachtach.

Airteagal 3

Gurb é dlí intíre atá ar comhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe agus oibligeáidí idirnáisiúnta eile an Stáit sa réimse cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, creat dlíthiúil ar laistigh de ar cheart do chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur i bhfeidhm agus a theachtadh agus ar laistigh de gur cheart gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa Chairt seo chun na cearta agus saoirsí sin a chur ar aghaidh, a chosaint agus a réadú go héifeachtach a dhéanamh.

Airteagal 4

Nach forléireofar aon ní sa Dearbhú seo mar ní a dhéanann dochar nó a bhréagnaíonn cuspóirí agus buntreora Cairte na Náisiún Aontaithe nó mar ní a shrianann nó a mhaolaíonn ar fhorálacha an Dearbhaithe UileChoiteann Cearta an Duine, an Chúnaint Idirnáisiúnta ar Chearta an Duine agus ionstraimí idirnáisiúnta agus gealltanais eile atá infheidhme sa réimse seo.

Airteagal 5

Chun críche cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur ar aghaidh agus a chosaint, tá ag gach uile dhuine, ina n-aonar agus i gcomhlachas le daoine eile, ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta an ceart chun:

(a) Bualadh nó teacht le chéile go síochánta;

(b) Eagraíochtaí, comhlachais nó grupaí neamhrialtasacha a bhunú, gabháil leo agus páirt a ghlacadh iontu

(c) Dul i gcumarsáid le heagraíochtaí neamhrialtasacha nó idir-rialtasacha.

Airteagal 6

Go bhfuil ag gach uile dhuine, ina n-aonar agus i gcomhlachas le daoine eile an ceart chun:

(a) Faisnéis ar chearta daoine agus saoirsí bunúsacha go léir a bheith ar eolas, a lorg, a fháil, a ghlacadh agus a shealbhú, lena n-áirítear rochtain a bheith acu ar fhaisnéis maidir leis an gcaoi a dtabharfar éifeacht do na cearta agus na saoirsí i gcórais reachtaíochta, breithiúnacha nó riaracháin intíre;

(b) Tuairimí, faisnéis agus eolas ar chearta an duine agus saoirsí bunúsacha go léir a fhoilsiú, a leathadh nó a scaipeadh do dhaoine eile, mar a fhoráiltear in ionstraimí chearta an duine agus ionstraimí idirnáisiúnta eile is infheidhme,

(c) Tuairimí a staidéar, a phlé, a chumadh nó a choinneáil ar urramú, faoin dlí agus go praiticiúil araon, chearta an duine agus saoirsí bunúsacha agus, trí na slithe seo agus slithe cuí eile, aird an phobail a tharraingt ar na nithe sin.

Airteagal 7

Go bhfuil ag gach uile dhuine, ina n-aonar agus i gcomhlachas le daoine eile an ceart chun smaointe agus prionsabail nua de chearta an duine a fhorbairt agus a phlé agus a nglacadh a mholadh.

Airteagal 8

1. Go bhfuil ag gach uile dhuine, ina n-aonar agus i gcomhlachas le daoine eile, an ceart rochtain éifeachtach a bheith acu, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, rannpháirtíocht i Rialtas a thír nó a tír agus i seoladh gnóthaí poiblí.

2. Áirítear anseo, *inter alia*, an ceart, ina n-aonar agus i gcomhlachas le daoine eile, lochtú agus tograí a chur faoi bhráid comhlachtaí agus gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí Rialtais a bhaineann le gnóthaí poiblí, chun a bhfeidhmiú a fheabhsú agus chun aird a thabhairt ar aon ghné dá obair a bhféadfadh treampán nó bac a chur ar chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur ar aghaidh, a chosaint agus a réadú.

Airteagal 9

1. Go bhfuil ag gach uile dhuine, le linn feidhmiú cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, lena n-áirítear cearta an duine agus saoirsí bunúsacha dá dtagraítear sa Dearbhú seo a chur ar aghaidh agus a chosaint, ina n-aonar agus i gcomhlachas le daoine eile, an ceart chun tairbhiú den leigheas éifeachtach agus a bheith coimircithe i

gcás sárú na gcearta sin.

2. Chun na críche sin, tá ag gach uile dhuine a líomhnaítear go bhfuil a gcearta nó a saoirsí sáraithe, go pearsanta nó trí ionadaíocht údáraithe de réir dlí, an ceart chun gearán a dhéanamh agus go mbeadh an gearán sin athbhreithnithe go pras in éisteacht poiblí roimh údarás breithiúnach nó údarás eile atá neamhspleách, neamhchlaonta, inniúil bunaithe ag an dlí agus cinneadh a fháil ó údarás den sórt sin, de réir an dlí, chun sásamh a sholáthar, lena n-áirítear aon chúiteamh atá dlite, i gcás go raibh sárú cearta nó saoirsí an duine sin, chomh maith le forghníomhú an cinneadh agus an bronnadh faoi dheireadh, iad go léir gan mhoill mhíchuí.

3. Chun na críche céanna, tá ag gach uile dhuine, an ceart, ina n-aonar agus i gcomhlachas le daoine eile, *inter alia*:

(a) Gearán faoi na polasaí agus na bearta oifigí aonair agus comhlachtaí Rialtais maidir le sáruithe cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, le hachainí nó slithe cuí eile, d'údaráis inniúil intíre breithiúnach, riaracháin nó reachtaíochta nó aon údarás inniúil eile dá bhforáiltear le córas dlí an Stáit, ar cheart dóibh a gcinneadh a thabhairt ar an ngearán gan mhoill mhíchuí;

(b) Freastal ar éisteachta phoiblí, imeachtaí agus trialacha chun tuairim a chruthú ar a gcomhlíonadh le dlí náisiúnta agus oibligeáidí agus gealltanais idirnáisiúnta infheidhmithe;

(c) Tairiscint a dhéanamh agus cúnamh dlíthiúil cáilithe nó comhairle agus cúnamh iomchuí eile i gcosaint cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur ar fáil.

4. Chun na críche céanna, agus de réir ionstraimí agus fhorálacha idirnáisiúnta infheidhmithe, tá ag gach uile dhuine, ina n-aonar agus i gcomhlachas le daoine eile, an ceart rochtaine gan bac agus cumarsáide le comhlachtaí idirnáisiúnta le hiniúlacht ghinearálta nó speisialta chun cumarsáid ar nithe cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a fháil.

5. Go ndéanfaidh an Stát iniúchadh go pras agus go neamhchlaonta nó a chinntiú go ndéanfaí fiosrúchán aon uair a bheidh foras réasúnta creidiúint gur tharla sárú cearta an duine agus saoirsí bunúsacha in aon chríoch faoin dlínse.

Airteagal 10

Nach mbeidh aon duine páirteach, trí ghníomh nó trí neamhghníomh más gá sin, i sárú cearta an duine agus saoirsí bunúsacha agus ní bheidh aon duine curtha faoi phíonós nó ábhar caingne codarsna d'aon chineál de bharr gur dhiúltigh siad é a dhéanamh.

Airteagal 11

Go bhfuil ag gach uile dhuine, ina n-aonar agus i gcomhlachas le daoine eile, an ceart chun feidhmiú dleathach a slí bheatha nó a ghairm nó a gairm. Ba cheart do gach uile

dhuine, de thoradh a slí bheatha, a bhéadfaidh difear a dhéanamh de dhínit an duine, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha daoine eile, urraim a thabhairt do na cearta agus saoirsí sin agus caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta iomchuí d'iompar nó d'eitic i slí bheatha agus i ngairm a chomhlíonadh.

Airteagal 12

1. Go bhfuil ag gach uile dhuine, ina n-aonar agus i gcomhlachas le daoine eile, an ceart a bheith rannpháirteach i gníomhaíochtaí síochánta in aghaidh sáruithe cearta an duine agus saoirsí bunúsacha.

2. Go dtógfaidh an Stát gach bearta is gá chun gach uile dhuine, ina n-aonar agus i gcomhlachas le daoine eile, a chosaint ag na húdaráis inniúil, a chinntiú in aghaidh aon fhoréigean, bagairt, frithbheart, idirdhealú codarsna de facto nó *de jure*, brú nó aon ghníomh treallach eile mar iarmhairt a fheidhmiú nó a feidhmiú dlisteanach den cheart dá dtagraítear sa Chairt seo.

3. I dtaca leis sin de, tá gach uile dhuine i dteideal, ina n-aonar agus i gcomhlachas le daoine eile, a bheith cosanta go héifeachtúil faoin dlí náisiúnta i bhfrithghníomhú in aghaidh nó i gcur i gcoinne, trí bhealaí, gníomhaíochtaí agus gníomh síochánta, lena n-áirítear na cinn neamhghníomhaíochtaí, inchurtha i leith Stáit, a mbeadh de thoradh sáruithe de chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, chomh maith le gníomhartha foréigin ag grúpaí nó daoine aonair a dhéanann difear de theachtadh cearta an duine agus saoirsí bunúsacha.

Airteagal 13

Go bhfuil ag gach uile dhuine, ina-naonar agus i gcomhlachas le daoine eile, an ceart chun achmainní a shireadh, a ghlacadh, agus a úsáid chun na críche atá sainráite chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur ar aghaidh agus a chosaint trí bhealaí síochánta, de réir airteagal 3 den Dearbhú seo.

Airteagal 14

1. Go bhfuil ag an Stát an fhreagracht chun bearta reachtaíochta, breithiúnacha, riaracháin nó bearta cuí eile chun tuiscint gach uile dhuine a chur ar aghaidh faoin a dlínse dá gcearta sibhialta, polaitiúil, eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha.

2. Folóidh bearta den sórt sin, *inter alia*:

(a) Dlíthe agus rialacháin náisiúnta agus ionstraimí ar chearta bunúsacha idirnáisiúnta infheidhmithe an duine a fhoilsiú agus a chur ar fáil go forleathan;

(b) Lánrochtain agus rochtain chomhionann do dhoiciméid idirnáisiúnta sa réimse chearta an duine, lena n-áirítear tuarascálacha tréimhsiúla an Stáit do na comhaltaí bunaithe ag na conarthaí cearta an duine a bhfuil sé mar pháirtí dó, chomh maith le taifid achoimre de phlé agus tuarascálacha oifigiúil na comhlachtaí seo.

3. Go gcinnteoidh agus tacóidh an Stát, i gcás gur cuí sin, le cruthú agus forbairt tuilleadh institiúidí neamhspleách náisiúnta chun cearta an duine agus saoirsí

bunúsacha a chur ar aghaidh agus a chosaint i ngach críoch faoin dlínse, cibé acu is Ombudsmain iad, coimisiúin cearta an duine nó aon fhoirm eile d'institiúid náisiúnta.

Airteagal 15

Go bhfuil ag an Stát an fhreagracht chun múineadh cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur ar aghaidh agus a éascú ag gach leibhéil oideachais agus chun a chinntiú go n-áireoidh iad siúd atá freagrach as dlíodóirí, oifigigh forfheidhmithe an dlí, pearsanra na fórsaí armtha agus oifigigh poiblí a oiliúint, eilimintí iomchuí de mhúineadh cearta an duine in a gclár oiliúna.

Airteagal 16

Go bhfuil ag daoine aonair, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus institiúidí iomchuí ról tábhachtach chun cabhrú leis an bpobal a chur ar an eolas faoi cheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha go léir trí ghníomhaíochtaí ar nós oideachas, oiliúint agus taighde sna réimsí seo chuncomhthuiscint, caoinfhulaingt, síocháin agus caidreamh cairdiúil a neartú tuilleadh, *inter alia*, idir náisiúin agus idir gach grúpa ciníoch agus creidimh, á mheabhrú dóibh na cúlraí sochaithe agus comhphobal éagsúla ina dhéanann siad a ngníomhaíochtaí.

Airteagal 17

Go mbeidh gach uile dhuine, i bhfeidhmiú na gcearta agus saoirsí dá dtagraítear sa Dearbhú seo, ag gníomhú ina n-aonar agus i gcomhlachas le daoine eile, faoi réir cibé teorainneacha amháin a bheith de réir oibligeáidí idirnáisiúnta infheidhme agus atá arna chinneadh ag an dlí d'aon toisc chun aitheantas cuí agus urraim chuí do chearta agus saoirsí daoine eile a áirithiú agus riachtanais cóir moráltachta, ord poiblí agus leas ginearálta i sochaí daonlathach a chomhal.

Airteagal 18

1. Go bhfuil dualgais ar an uile dhuine i leith an phobail agus laistigh de, arb ann amháin is féidir a phearsantacht nó a pearsantacht d'fhobairt go saor agus go hiomlán.

2. Go bhfuil ag daoine aonair, grúpaí, institiúidí, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ról tábhachtach agus freagracht chun daonlathas a chosaint, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur ar aghaidh agus cabhrú le cur ar aghaidh agus cur chun cinn sochaithe daonlathach, institiúidí agus próisis.

3. Go bhfuil ag daoine aonair, grúpaí, institiúidí, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha chomh maith ról tábhachtach agus freagracht chun cabhrú, de réir mar is cuí, le cur ar aghaidh ceart gach uile dhuine chun ord sóisialta agus idirnáisiúnta ina bhféadfaidh na cearta agus na saoirsí a luaitear sa Dearbhú UileChoiteann Cearta an Duine agus ionstraimí eile de chearta an duine a réadú.

Airteagal 19

Nach léireofar aon ní sa Dearbhú seo mar a thabhfaidh é le tuiscint d'aon duine aonair, grúpa nó orgán den tsochaí nó aon Stát go bhfuil an ceart acu gabháil d'aon

ghníomhaíocht nó aon ghníomh a chomhlíonadh is aidhm dó na cearta agus saoirsí dá dtagraítear sa Dearbhú seo a dhíothú.

Airteagal 20

Nach léireofar aon ní sa Dearbhú seo mar Stáit a cheadú chun gníomhaíochtaí daoine aonair, grúpaí daoine aonair, institiúdí nó eagraíochtaí neamh-rialtachasacha atá contrártha d'fhorálacha Cairte na Náisiún Aontaithe a thacú agus a chur ar aghaidh.